



An Bhruiséil, 11 Aibreán 2019
(OR. en)

8059/19

**Comhad Idirinstitiúideach:
2018/0129(COD)**

**CODEC 835
TRANS 241
PE 149**

NÓTA FAISNÉISE

ó:	Ardrúnaíocht na Comhairle
chuig:	Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle
Ábhar:	Togra le haghaidh TREOIR Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE lena leasaítear Treoir 2008/96/CE maidir le sábháilteacht an bhonneagair bóthair a bhainistiú - An toradh ar chéad léamh Parlaimint na hEorpa, (an Bhruiséil, an 3 go dtí an 4 Aibreán 2019)

I. RÉAMHRÁ

Thíolaic an rapóirtéir, Daniela AIUTO (EFDD, IT), tuarascáil ina bhfuil seasca a cúig leasú (leasuithe 1-65) i ndáil leis an togra le haghaidh Treorach, thar ceann an Choiste um Iompar agus um Thurasóireacht.

I gcomhréir le forálacha Airteagal 294 CFAE agus leis an dearbhú comhpháirteach maidir le socrúithe praiticiúla do nós imeachta na comhchinnteoireachta¹, bhí roinnt teagmhálacha neamhfhoirmiúla idir an Chomhairle, Parlaimint na hEorpa agus an Coimisiún d'fhonn teacht ar chomhaontú faoin sainchomhad seo ar an gcéad léamh agus, ar an gcaoi sin, an dara léamh agus idir-réiteach a sheachaint.

¹ IO C 145, 30.6.2007, lch. 5

Sa chomhthéacs sin, cuireadh síos leasú comhréitigh amháin (leasú 66). Is le linn na dteagmhálacha neamhfhoirmiúla dá dtagraítear thuas a comhaontaíodh an leasú sin. Níor cuireadh síos aon leasú eile.

II. VÓTÁIL

Tráth ar caitheadh vóta ag an seisiún iomlánach ar an 4 Aibreán 2019, glacadh an leasú comhréitigh (leasú 66) ar an togra le haghaidh Treorach.

Is é atá sa togra ón gCoimisiún, mar a leasaíodh é, agus sa rún reachtach, seasamh Pharlaimint na hEorpa ar an gcéad léamh². Léirítear ann an méid a comhaontaíodh idir na hinstitiúidí roimhe sin. Dá réir sin, a luaithe a bheidh bailchríoch curtha ag na saineolaithe dlí/teanga ar an téacs, ba cheart go bhféadfadh an Chomhairle an seasamh ó Pharlaimint na hEorpa a fhormheas.

Ansin, d'fhéadfaí an gníomh a ghlacadh san fhoclaíocht a fhreagraíonn don seasamh ón bParlaimint.

² Leagtar amach téacs na leasuithe a glacadh agus an rún reachtach ó Pharlaimint na hEorpa san Iarscríbhinn. Cuirtear na leasuithe i láthair i bhfoirm téacs comhdhlúite agus léirítear athruithe ar an togra ón gCoimisiún i gcló trom iodálach. Léirítear téacs a scriosadh leis an tsiombail "█".

Sábhailteacht an bhonneagair bóthair a bhainistiú *I**

Rún reachtach ó Pharlaimint na hEorpa an 4 Aibreán 2019 maidir leis an togra le haghaidh treoir ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leasaítear Treoir 2008/96/CE maidir le sábhailteacht an bhonneagair bóthair a bhainistiú (COM(2018)0274 – C8-0196/2018 – 2018/0129(COD))

(An gnáthnós imeachta reachtach: an chéad léamh)

Tá Parlaimint na hEorpa,

- ag féachaint don togra ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig an gComhairle (COM(2018)0274),
 - ag féachaint d’Airteagal 294(2) agus d’Airteagal 91(1)(c) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, ar dá mbun a thíolaic an Coimisiún an togra do Pharlaimint na hEorpa (C8-0196/2018),
 - ag féachaint d’Airteagal 294(3) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,
 - ag féachaint don tuairim réasúnaithe a thíolaic Parlaimint na Sualainne, faoi chuimsiú Phrótaicail Uimh. 2 maidir le prionsabail na coimhdeachta agus na comhréireachta a chur i bhfeidhm, á mhaíomh nach gcomhlíonann an dréachtghníomh reachtach prionsabal na coimhdeachta,
 - ag féachaint do thuairim ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa an 17 Deireadh Fómhair 2018³,
 - ag féachaint do thuairim ó Choiste na Réigiún an 6 Feabhra 2019⁴,
 - ag féachaint don chomhaontú sealadach a d’fhorghas an coiste freagrach faoi Riail 69f(4) dá Rialacha Nós Imeachta agus don gheallúint a thug ionadaí na Comhairle i litir dar dáta an 27 Feabhra 2019 go ndéanfadh sí seasamh Parlaimint na hEorpa a fhorghas, i gcomhréir le hAirteagal 294(4) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,
 - ag féachaint do Riail 59 dá Rialacha Nós Imeachta,
 - ag féachaint don tuarascáil ón gCoiste um Iompar agus um Thurasóireacht (A8-0008/2019),
1. ag glacadh a seasaimh ar an gcéad léamh faoi mar a leagtar amach anseo ina dhiaidh seo;
 2. á iarraidh ar an gCoimisiún an t-ábhar a tharchur chuig Parlaimint na hEorpa arís má dhéanann sé téacs eile a chur in ionad a thogra, má dhéanann sé a thogra a leasú go

³ IO C 62, 15.2.2019, lch. 261

⁴ Nár foilsíodh fós san Iris Oifigiúil.

substaintiúil nó má tá sé ar intinn aige a thogra a leasú go substaintiúil;

3. á threorú dá hUachtarán a seasamh a chur ar aghaidh chuig an gComhairle, chuig an gCoimisiún agus chuig na parlaimintí náisiúnta.

Seasamh ó Pharlaimint na hEorpa arna ghlacadh ar an gcéad léamh an 4 Aibreán 2019 chun go nglacfaí Treoir (AE) 2019/... ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leasaítear Treoir 2008/96/CE maidir le sábháilteacht an bhonneagair bóthair a bhainistiú*

TÁ PARLAIMINT NA hEORPA AGUS COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 91(1) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

Tar éis dóibh an dréachtghníomh reachtach a chur chuig na parlaimintí náisiúnta,

Ag féachaint don tuairim ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa⁵,

Ag féachaint don tuairim ó Choiste na Réigiún⁶,

Ag gníomhú dóibh i gcomhréir leis an ngnáthnós imeachta reachtach⁷,

* NÍL BHAILCHRÍOCH DHLÍTHEANGEOLAÍOCH DÉANTA AR AN TÉACS GO FÓILL

⁵ IO C 62, 15.2.2019, lch. 261.

⁶ IO C ...

⁷ Seasamh ó Pharlaimint na hEorpa an 4 Aibreán 2019.

De bharr an méid seo a leanas:

- (1) Sa Teachtaireacht ón gCoimisiún an 20 Iúil 2010 chuig Parlaimint na hEorpa, an Chomhairle, Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus Coiste na Réigiún dar teideal ‘I dtreo limistéir Eorpaigh sábháilteachta ar bhóithre: treoshuíomhanna beartas maidir le sábháilteacht ar bhóithre 2011-2020’, sonraíodh gurb iad cuspóirí straitéiseacha an Aontais líon na mbásanna ar na bóithre a laghdú faoina leath faoi 2020 i gcomparáid le 2010 agus, faoin mbliain 2050, é a laghdú go nialas nó geall leis. Mar sin féin, is beag dul chun cinn atá déanta le blianta beaga anuas chun na cuspóirí sin a bhaint amach. ***Ina conclúidí an 8 Meitheamh 2017 maidir le sábháilteacht ar bhóithre, lena bhformhuinítear Dearbhú Vaileite Mhárta 2017, formhuinítear sprioc eatramhach nua chun líon na ngortuithe tromchúiseacha a laghdú faoina leath faoi 2030 i gcomparáid lena líon in 2020. Tá gá le hiarrachtaí níos mó, dá bhrí sin, chun an dá sprioc sin a bhaint amach.***
- (2) De réir chur chuige an Chórais Shábháilte, is féidir bás agus gortú tromchúiseach i dtionóiscí bóthair a chosc, den chuid is mó. Ba cheart gur freagracht chomhroinnte ar gach leibhéal é a áirithiú nach mbíonn gortuithe tromchúiseacha nó bás ann mar thoradh ar thionóiscí bóthair. Go háirithe, ba cheart dóchúlacht na dtionóiscí bóthair a laghdú le bóithre atá dea-dheartha agus atá cothabháilte mar is ceart ***agus ar a bhfuil marcálacha agus comharthaíocht shoiléir***, agus ba cheart, le bóithre atá ‘maiteach’ (bóithre a leagtar amach ar bhealach cliste chun a áirithiú nach mbeidh iarmhairtí tromchúiseacha ***nó marfacha*** ann ar an toirt i gcás earráidí tiomána), déine na dtionóiscí ***bóthair*** a laghdú. ***Ba cheart go soláthródh an Coimisiún treoir do sholáthar agus do chothabháil ‘cois bóthar atá maiteach’, ag tógáil ar an taithí atá ag na Ballstáit go léir.***

- (3) Na bóithre sa ghréasán bóithre tras-Eorpach (gréasán TEN-T) a shainaitnítear i Rialachán (AE) Uimh. 1315/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle⁸, is ríthábhachtach iad chun tacú le lánpháirtíocht na hEorpa. Ba cheart ardleibhéal sábháilteachta a ráthú, dá bhrí sin, ar na bóithre sin.
- (4) Leis na nósanna imeachta maidir le bainistiú na sábháilteachta bonneagair bóithre, a cuireadh chun feidhme ar ghréasán TEN-T, cuidíodh le básanna, agus le gortuithe tromchúiseacha, a laghdú san Aontas. Is léir ón meastóireacht ar éifeachtaí Threoir 2008/96/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle⁹ go bhfuil feidhmíocht i bhfad níos fearr bainte amach ag na Ballstáit sin a bhfuil prionsabail i ndáil le sábháilteacht bonneagair bóithre a bhainistiú (RISM) á gcur i bhfeidhm acu, ar bhonn deonach, ar a gcuid bóithre náisiúnta lastall de ghréasán TEN-T ná mar atá ag na Ballstáit sin nach ndearna amhlaidh. ***Is inmhianaithe freisin, dá bhrí sin, go gcuirfí i bhfeidhm na prionsabail RISM sin i leith codanna eile den ghréasán bóithre Eorpach.***

⁸ Rialachán (AE) Uimh. 1315/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Nollaig 2013 maidir le treoirlínte an Aontais chun an gréasán tras-Eorpach iompair a fhorbairt agus lena n-aisghairtear Cinneadh Uimh. 661/2010/AE (IO L 348, 20.12.2013, lch. 1).

⁹ Cinneadh 2008/96/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 19 Samhain 2008 maidir le bainistiú na sábháilteachta bonneagair bóithre (IO L 319, 29.11.2008, lch. 59).

- (5) *Maidir leis na codanna de bhóithre atá tógtha ar dhroichid agus na codanna de bhóithre a ghabhann trí tholláin atá ina gcuid freisin den ghréasán, tá sé tábhachtach go mbeidh siad faoi raon feidhme na Treorach seo, a mhéid a bhaineann le sábháilteacht ar bhóithre, cé is moite de tholláin a chumhdaítear le Treoir 2004/54/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle¹⁰.*
- (6) *Ar chúiseanna sábháilteachta ar bhóithre, tá sé tábhachtach gurb ann do bhealaí isteach i limistéir pháirceála ar feadh an ghréasáin a thagann faoi raon feidhme na Treorach seo, go háirithe mótarbhealaí agus príomhbhóithre, agus gurb ann do bhealaí amach astu.*
- (7) *Tá dálaí séasúracha an-éagsúil lena chéile idir na Ballstáit agus idir na réigiúin. Tá sé tábhachtach, dá bhrí sin, go gcuirfear na dálaí sin san áireamh mar is iomchuí sna forálacha náisiúnta lena dtrasúitear an Treoir seo.*

¹⁰ *Treoir 2004/54/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 29 Aibreán 2004 maidir le híoscheanglais sábháilteachta do tholláin sa Ghréasán Tras-Eorpach Bóithre (IO L 167, 30.4.2004, lch. 39).*

- (8) Tarlaíonn líon mór tionóiscí bóthair ar líon beag bóithre, ar a mbíonn méid mór tráchta agus ardluasanna agus réimse leathan tráchta ag taisteal ar luasanna éagsúla. Dá bhrí sin, ba cheart, leis an leathnú teoranta ar raon feidhme Threoir 2008/96/CE do mhótarbhealaí agus do phríomhbhóithre *eile* lastall de ghréasán TEN-T, go rannchuideofaí go mór leis an tsábháilteacht bonneagair bóithre ar fud an Aontais a fheabhsú.
- (9) *Chun a áirithiú go mbeidh an éifeacht bheartaithe ag an leathnú ar an raon feidhme, luíonn sé le réasún go n-áireofaí i measc na bpríomhbhóithre seachas mótarbhealaí na bóithre uile a bhaineann leis an gcatagóir is airde de bhóithre faoi bhun na catagóire ‘mótarbhealach’ san aicmiú náisiúnta bóithre. Ar an gcúis chéanna, ba cheart na Ballstáit a spreagadh chun a áirithiú go gcumhdófar leis an Treoir seo ar a laghad gach bóthar a raibh feidhm ag Treoir 2008/96/CE ina leith roimh theacht i bhfeidhm na Treorach seo, lena n-áirítear ar bhonn deonach.*

- (10) Ba cheart go n-áiritheofaí, le cur i bhfeidhm éigeantach nósanna imeachta a leagtar síos i dTreoir 2008/96/CE, ar aon tionscadal bonneagair bóthair lasmuigh de cheantair uirbeacha a thugtar chun críche agus leas á bhaint as cistiú ón Aontas, nach n-úsáidtear cistí de chuid an Aontais chun bóithre neamhshábháilte a thógáil.
- (11) *Is bonneagar bóithre amháin a chumhdaítear le Treoir 2008/96/CE. Dá bhrí sin, ní dhéanann an Treoir seo difear do dhlí an tráchta ar bhóithre, ná d'inniúlacht na mBallstát cinntí a dhéanamh ar a n-údarás féin i dtaca le dlí an tráchta ar bhóithre. Ba cheart urraim a tabhairt do Choinbhinsiún na Ginéive um Thrácht ar Bhóithre an 19 Meán Fómhair 1949 agus do Choinbhinsiún Vín um Thrácht ar Bhóithre an 8 Samhain 1968, chomh maith le Coinbhinsiún Vín um Chomharthaíocht Bhóthair an 8 Samhain 1968.*
- (12) Tá an measúnú rioscabhunaithe ar **shábháilteacht** ar bhóithre ar fud an ghréasáin tar éis teacht chun cinn mar uirlis éifeachtúil éifeachtach chun codanna den ghréasán a shainaithint ar cheart díriú orthu le cigireachtaí sábháilteachta bóithre níos mionsonraithe agus chun tús áite a thabhairt don infheistíocht de réir a hacmhainneachta feabhsuithe sábháilteachta ar fud an ghréasáin a bhaint amach. Dá bhrí sin, ba cheart an gréasán bóithre ina iomláine a chumhdaítear leis an Treoir seo a mheasúnú go córasach, **lena n-áirítear trí mheán sonraí arna mbailiú trí mhodhanna leictreonacha agus digiteacha**, chun cur leis an tsábháilteacht ar bhóithre ar fud an Aontais.

- (13) Leis na heilimintí is fearr feidhmíocht ón ‘nós imeachta maidir le rangú agus bainistiú sábháilteachta an ghréasáin bóithre atá in úsáid cheana’, a bhí ann roimhe seo, a chomhtháthú sa nós imeachta nua maidir le measúnú ar **shábháilteacht** ar bhóithre ar fud an ghréasáin, ba cheart go bhféadfaí codanna bóithre, lena mbaineann na deiseanna is mó chun an tsábháilteacht a fheabhsú agus ina mbainfí na feabhsuithe is fearr amach ach idirghabhálacha spriocdhírithé a dhéanamh, a shainnithint ar bhonn níos fearr.
- (14) ***Chun feabhas a chur ar cháilíocht, oibiachtúlacht agus éifeachtacht nósanna imeachta RISM, is tairbhiúil a chur ar chumas na mBallstát leas a bhaint, i gcás inarb iomchuí, as na teicneolaíochtaí le haghaidh codanna den bhóthar a iniúchadh, dálaí maidir le sábháilteacht ar bhóithre a dhoiciméadú agus sonraí eile a bhaineann le sábháilteacht an ghréasáin bóithre, ar teicneolaíochtaí iad atá á bhforbairt i rith an ama.***

- (15) Tá sé ríthábhachtach obair leantach chórasach a dhéanamh ar thorthaí na nósanna imeachta maidir le RISM chun na feabhsuithe ar an tsábháilteacht bonneagair bóthair a bhaint amach, ar feabhsuithe iad a theastaíonn chun cuspóirí an Aontais a chomhlíonadh i dtaca le sábháilteacht ar bhóithre. Chuige sin, ba cheart a áirithiú, le pleananna gníomhaíochta tosaíochta, go gcuirfear na hidirghabhálacha is gá chun feidhme a luaithe is féidir. ***Go háirithe, mar bhearta leantacha i dtaobh thorthaí an mheasúnaithe ar shábháilteacht ar bhóithre a rinneadh ar fud an ghréasáin, ba cheart cigireachtaí spriocdhírithé a dhéanamh ar shábháilteacht ar bhóithre nó, más féidir agus más cost-éifeachtúil, gníomhaíocht cheartaitheach dhíreach a dhéanamh a mbeadh sé mar aidhm léi rioscaí sábháilteachta ar bhóithre a dhíothú nó a laghdú gan ualach riaracháin míchuí a bheith ag baint léi.***
- (16) Ba cheart feidhmíocht sábháilteachta na mbóithre atá ann cheana a fheabhsú trí infheistíocht a spriocdhíriú ar na codanna bóithre lena mbaineann an dlús tionóiscí is airde agus an acmhainneacht is airde chun tionóiscí a laghdú.
- (17) ***Is féidir, i gcomhréir leis na coinníollacha is infheidhme, úsáid a bhaint as cistiú agus dreasachtaí airgeadais ar leibhéal an Aontais chun tacaíocht a sholáthar don infheistíocht sin, agus, sa chaoi sin, infheistíocht náisiúnta agus dreasachtaí náisiúnta comhfhreagracha a chomhlánú.***

- (18) Tá ardriosca tionóisce ag roinnt, go háirithe, le codanna den ghréasán bóithre atá tadhlach le tolláin bhóthair an ghréasáin thras-Eorpaigh bóithre a chumhdaítear le Treoir 2004/54/CE. Ba cheart cigireachtaí comhpháirteacha ar an tsábháilteacht ar bhóithre a thabhairt isteach, dá bhrí sin, i gcás na gcodanna bóithre sin, a mbeadh idir ionadaithe ó na húdaráis inniúla bóithre agus ó na húdaráis inniúla tollán rannpháirteach iontu, d'fhonn feabhas a chur ar shábháilteacht an ghréasáin bóithre ***a chumhdaítear leis an Treoir seo.***
- (19) B'úsáideoirí soghonta bóithre iad 47 % de na daoine a maraíodh ar bhóithre san Aontas in 2017. Dá bhrí sin, ba cheart go mbeadh na húsáideoirí soghonta níos sábháilte ar an mbóthar trína áirithiú go gcuirfear a leasanna san áireamh i ngach nós imeachta maidir le RISM ***agus trí fhorbairt na gceanglas cáilíochta le haghaidh an bhonneagair do na húsáideoirí sin.***
- (20) ***Chun na Ballstáit a chumasú feabhas a chur ar a nósanna imeachta arb é is aidhm dóibh úsáid oibríochtúil a marcanna bóthair agus a gcomharthaí bóthair a áirithiú, ba cheart sonraíochtaí comhchoiteanna a bhunú chun inléiteacht agus inbhraiteacht éifeachtach marcanna bóthair agus comharthaí bóthair a chothú do thiománaithe agus do chórais uathoibríthe chúnta tiománaí.***

- (21) *Is tosaíocht é freisin an tsábháilteacht a fheabhsú maidir le trasnuithe iarnróid (i.e. comharthaíocht, feabhsú bonneagair). De réir Thuarascáil 2018 ar Shábháilteacht agus Idir-inoibritheacht Iarnróid ó Gníomhaireacht Iarnróid an Aontais Eorpaigh, in 2016, bhí 433 thionóisc shuntasacha ann ar 108 000 crosaire comhréidh san Aontais, agus ag eascairt uathu maraíodh 255 dhuine agus gortaíodh go dona 217 nduine. Dá bhrí sin, ba cheart crosairí comhréidhe a bhfuil riosca mór sábháilteachta ag baint leo a shainaithint, d'fhonn iad a fheabhsú.*
- (22) *Tá marcálacha bóthair agus comharthaí bóthair ardcháilíochta rithábhachtach chun tacú le tiománaithe agus le feithiclí nasctha agus uathoibríthe. Ba cheart go mbeadh sonraíochtaí coiteanna le haghaidh marcálacha agus comharthaí bóthair ina mbonn chun éascú a dhéanamh ar leathadh amach na n-ardchóras soghluaisteachta nasctha agus uathoibríthe. B'fhearr cur chuige comhpháirteach Eorpach i gcomhréir le Coinbhinsiún Vín 1968 maidir le Comharthaí Bóthair agus Comharthaí a bheith ann.*

- (23) *Chun na torthaí a bhfuiltear ag súil leo ó chur i bhfeidhm na Treorach seo a threisiú agus chun leibhéal leormhaith sábháltachta i gcásanna éigeandála a áirithiú, ba cheart do na Ballstáit comhar a éascú idir a seirbhísí cosanta sibhialta, freagartha éigeandála agus póilíneachta tráchta, i gcás inarb iomchuí agus go háirithe i gcodanna trasteorann de bhóithre. I gcás ina bhfuil gá le comhar idir na Ballstáit sna gníomhaíochtaí sin, tá creat na críche sin ag gabháil le Sásra an Aontais um Chosaint Shibhialta de bhun Chinneadh 1313/2013/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle¹¹.*
- (24) *Gan dochar do reachtaíocht maidir le soláthar poiblí, go háirithe Treoir 2014/25/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle¹², ba cheart go mbeadh rochtain ag an bpobal ar na sonraíochtaí teicniúla a bhaineann le sábháilteacht i gcásanna ina ndéanfar soláthairtí poiblí in earnáil an bhonneagair bóithre.*
- (25) *Chun trédhearcacht a bhaint amach agus cuntasacht a fheabhsú, ba cheart *rátálacha* sábháilteachta bóithre a thuairisciú ionas go mbeifear in ann úsáideoirí bóithre a chur ar an eolas faoi staid an bhonneagair agus go músclófaí a bhfeasacht i gcoitinne.*
- (26) *Ba cheart go spreagfaí malartú taithí maidir le modheolaíochtaí Córais Shábháilte idir cleachtóirí agus malartú faisnéise idir iniúchóirí sábháilteachta bóthair.*

¹¹ *Cinneadh Uimh. 1313/2013/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 17 Nollaig 2013 maidir le Sásra Aontais um Chosaint Shibhialta (IO L 347, 20.12.2013, lch. 924).*

¹² *Treoir 2014/25/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 26 Feabhra 2014 maidir le soláthar arna dhéanamh ag eintitis a fheidhmíonn in earnáil an uisce, an fhuinnimh, an iompair agus na seirbhísí poist agus lena n-aisghairtear Treoir 2004/17/CE (IO L 94, 28.3.2014, lch. 243).*

- (27) Ba cheart go bhféadfaí leibhéal na sábháilteachta bonneagair bóithre a chur i gcomparáid ar fud an Aontais ach na torthaí ar na measúnuithe *sábháilteachta* bóithre ar fud an ghréasáin a fhoilsiú.
- (28) Ós rud é nach féidir leis na Ballstáit cuspóir na Treorach seo, eadhon nósanna imeachta a bhunú chun ardleibhéal sábháilteachta ar bhóithre a áirithiú ar fud ghréasáin TEN-T agus ar fud ghréasán na mótarbhealaí agus na bpríomhbhóithre ar fud an Aontais, a bhaint amach go leordhóthanach, ach gur fearr is féidir, ós rud é go bhfuil feabhsú riachtanach ar fud an Aontais chun cóineasú a áirithiú i dtreo caighdeán níos airde sábháilteachta bonneagair bóthair, é a bhaint amach ar leibhéal an Aontais, féadfaidh an tAontas bearta a ghlacadh, i gcomhréir le prionsabal na coimhdeachta mar a leagtar amach é in Airteagal 5 den Chonradh ar an Aontas Eorpach. I gcomhréir le prionsabal na comhréireachta a leagtar amach san Airteagal sin, ní théann an Treoir seo thar a bhfuil riachtanach chun an cuspóir sin a ghnóthú. Mar thoradh ar ghníomhaíocht ar leibhéal an Aontais, ba cheart go mbeadh an taisteal ar fud an Aontais níos sábháilte amach anseo agus, ba cheart, ag eascairt ón méid sin, go gcuirfí feabhas ar fheidhmiú an mhargaidh inmheánaigh agus go dtacófaí le cuspóir an chomhtháthaithe eacnamaíoch, shóisialta agus chríochaigh.

(29) D'fhonn a áirithiú go léireofar i gcónaí, le hábhar nósanna imeachta maidir le RISM, an t-eolas teicniúil is fearr atá ar fáil, ba cheart an chumhacht chun gníomhartha a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 290 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh a tharmligean chuig an gCoimisiún i dtaca leis na hIarscríbhinní a ghabhann leis an Treoir seo a chur in oiriúint don dul chun cinn teicniúil. Tá sé tábhachtach, go háirithe, go rachadh an Coimisiún i mbun comhairliúcháin iomchuí le linn a chuid oibre ullmhúcháin, lena n-áirítear ar leibhéal na saineolaithe, agus go ndéanfar na comhairliúcháin sin i gcomhréir leis na prionsabail a leagtar síos i gComhaontú Idirinstitiúideach an 13 Aibreán 2016 maidir le Reachtóireacht Níos Fearr¹³. Go sonrach, chun rannpháirtíocht chomhionann in ullmhú na ngníomhartha tarmligthe a áirithiú, faigheann Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle na doiciméid uile ag an am céanna leis na saineolaithe sna Ballstáit, agus bíonn rochtain chórasach ag a gcuid saineolaithe ar chruinnithe ghrúpaí saineolaithe an Choimisiúin a bhíonn ag déileáil le hullmhú na ngníomhartha tarmligthe.

¹³ IO L 123, 12.5.2016, lch. 1.

- (30) Tá gá le bearta sonracha chun cleachtais bhainistíochta sábháilteachta bóithre a fheabhsú go leanúnach agus le gur fusa a bheidh sé d'fheithiclí atá feistithe le córais cúnamh tiománaí nó a bhfuil leibhéil níos airde uathobrithe acu marcálacha bóthair agus comharthaí bóthair a aithint. Chun coinníollacha aonfhoirmeacha a áirithiú maidir le forálacha ábhartha na Treorach seo a chur chun feidhme, ba cheart cumhachtaí cur chun feidhme a thabhairt don Choimisiún. Ba cheart na cumhachtaí sin a fheidhmiú i gcomhréir le Rialachán (AE) Uimh. 182/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle¹⁴.
- (31) Ba cheart, dá bhrí sin, Treoir 2008/96/CE a leasú dá réir sin,

TAR ÉIS AN TREOIR SEO A GHLACADH:

¹⁴ Rialachán (AE) Uimh. 182/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Feabhra 2011 lena leagtar síos na rialacha agus na prionsabail ghinearálta a bhaineann leis na sásraí maidir le rialú ag na Ballstáit ar fheidhmiú cumhachtaí cur chun feidhme ag an gCoimisiún (IO L 55, 28.2.2011, lch. 13).

Airteagal 1

Leasuithe ar Threoir 2008/96/CE

Leasaítear Treoir 2008/96/CE mar a leanas:

(1) cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 1:

‘Airteagal 1

Ábhar agus raon feidhme

1. Leis an Treoir seo, cuirtear de cheangal ar na Ballstáit nósanna imeachta a chur chun feidhme agus a bhunú, maidir le measúnuithe tionchair i leith na sábháilteachta ar bhóithre, iniúchtaí ar an tsábháilteacht ar bhóithre, cigireachtaí sábháilteachta bóithre agus measúnuithe sábháilteachta bóithre ar fud an ghréasáin.
2. Beidh feidhm ag an Treoir seo maidir le bóithre atá mar chuid den ghréasán bóithre tras-Eorpach, maidir le mótarbhealaí agus maidir le príomhbhóithre *eile*, bíodh siad á ndearadh, á dtógáil nó in úsáid cheana.

3. Beidh feidhm ag an Treoir seo, freisin, maidir le bóithre agus maidir le tionscadail bonneagair bóithre nach gcumhdaítear le mír 2 atá suite lasmuigh de limistéir uirbeacha, ***nach bhfreastalaíonn ar réadmhaoin atá i dteorainn leo***, a thugtar chun críche agus leas á bhaint as cistiú ón Aontas, ***ach amháin bóithre nach bhfuil oscailte do trácht mótarfheithicle ginearálta, amhail raonta rothar, nó bóithre nach bhfuil deartha le haghaidh trácht ginearálta, amhail bóithre rochtana ar láithreáin thionsclaíocha, talmhaíochta agus foraoiseachta***.
4. ***Féadfaidh na Ballstáit príomhbhóithre a bhfuil riosca íseal do shábháilteacht ag baint leo a dhíolmhú ó raon feidhme na Treorach seo, bunaithe ar fhorais a bhfuil údar cuí leo agus atá nasctha le méideanna tráchta agus le staitisticí tionóisce.***
- Féadfaidh na Ballstáit bóithre nach dtagraítear dóibh i mír 2 ná i mír 3 a áireamh faoi raon feidhme na Treorach seo.***
- Cuirfidh an Ballstát an Coimisiún ar an eolas faoin méid sin faoin ... [24 mhí tar éis theacht i bhfeidhm na Treorach leasaithe seo], an liosta de mhótarbhealaí agus de phríomhbhóithre ar a chríoch agus, aon athruithe a dhéanfar air ina dhiaidh sin. Ina theannta sin, tabharfaidh gach Ballstát fógra don Choimisiún maidir leis na bóithre a bhfuil díolúine acu i gcomhréir leis an mír seo ó raon feidhme na Treorach seo nó atá san áireamh faoi raon feidhme na Treorach seo, agus, maidir le haon athruithe a dhéanfar orthu ina dhiaidh sin.***
- Foilseoidh an Coimisiún an liosta de na bóithre a dtabharfar fógra ina leith i gcomhréir leis an Airteagal seo.***
5. Ní bheidh feidhm ag an Treoir seo maidir leis na tollán bóthair a chumhdaítear le Treoir 2004/54/CE.”;

(2) Leasaítear Airteagal 2 mar a leanas:

(a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe 1:

"1. ciallaíonn ‘gréasán tras-Eorpach bóithre’ an gréasán bóithre a shainaithnítear i Rialachán (AE) Uimh. 1315/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle*;

* Rialachán (AE) Uimh. 1315/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Nollaig 2013 maidir le treoirlínte an Aontais chun an gréasán tras-Eorpach iompair a fhorbairt agus lena n-aisghairtear Cinneadh Uimh. 661/2010/AE (IO L 348, 20.12.2013, lch. 1).’;

(b) cuirtear na pointí seo a leanas isteach:

"2a. ciallaíonn ‘mótarbhealach’ bóthar a dheartar agus a thógtar go speisialta le haghaidh mótarthráchta, nach bhfreastalaíonn ar réadmhaoin atá i dteorainn leis, agus a chomhlíonann na critéir seo a leanas:

- (a) tá sé feistithe, ach amháin ag pointí speisialta nó go sealadach, le carrbhealaí ar leith don trácht ó dhá threo, scartha óna chéile le stiall dhealaithe nach bhfuil beartaithe le haghaidh tráchta, nó go heisceachtúil, trí mhodhanna eile;
- (b) ní thrasnaíonn ar leibhéal le haon bhóthar, iarnród, trambhealach, raon rothar nó cosán;
- (c) tá sé ainmnithe go sonrach mar mhótarbhealach;

2b. ciallaíonn ‘príomhbhóthar’ bóthar *atá lasmuigh de limistéir uirbeacha agus a nascann mórchathracha nó réigiúin, nó iad araon, ar bóthar é a bhaineann leis an gcatagóir is airde de bhóithre faoi bhun na catagóire ‘mótarbhealach’ san aicmiú náisiúnta bóithre atá i bhfeidhm an ... [dáta foilsithe na Treorach leasaithí seo in IO];”*

(c) scriostar pointe 5;

(d) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe 6 agus phointe 7:

"6. ciallaíonn ‘rátáil sábháilteachta’ codanna den ghréasán bóithre atá ann cheana a rangú i gcatagóirí de réir a sábháilteachta ionsuite, ar sábháilteacht ionsuite í a thomhaistear go hoibiachtúil;

7. ciallaíonn ‘cigireacht *spriocdhírith*e sábháilteachta bóithre’ *imscrúdú* spriocdhírith e chun dálaí guaiseacha, *fabhtanna agus fadhbanna* a shainaithint, lena méadaítear an riosca go dtarlódh tionóiscí agus gortuithe, *bunaithe ar chuairt ar láthair bóthair nó coda de bhóthar;*’;

(e) *cuirtear isteach an pointe seo a leanas:*

"7a. ciallaíonn ‘cigireacht thréimhsiúil sábháilteachta bóithre’ gnáthfhíorú tréimhsiúil na saintréithe agus na bhfabhtanna a bhfuil gá le hobair chothabhála ina leith ar chúiseanna sábháilteachta;”;

(f) *cuirtear an pointe seo a leanas isteach:*

"10. ciallaíonn ‘úsáideoir soghonta bóithre’ úsáideoirí bóithre gan inneall, lena n-áirítear, go háirithe, rothaithe agus coisithe, mar aon le húsáideoirí dé-rothaigh chumhachtaithe.”;

(3) *in Airteagal 4, cuirtear isteach an mhír seo a leanas:*

"5a. Soláthróidh an Coimisiún treoirlínte do dheardh ‘cois bóthair atá maiteach’ agus ‘bóithre féinmhínteacha agus féin-fhorfheidhmithe’ sa chéad iniúchadh de chéim an deartha mar aon le ceanglais maidir le húsáideoirí soghonta bóthair. Déanfar an treoir sin a fhorbairt i ndlúthchomhar le saineolaithe de chuid na mBallstát.”;

(4) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 5:

Airteagal 5

Measúnú *sábháilteachta* bóithre ar fud an ghréasáin

1. Áiritheoidh na Ballstáit go ndéanfar measúnú *sábháilteachta* bóithre ar fud an ghréasáin, ar an ngréasán bóithre ina iomláine atá in úsáid cheana agus a chumhdaítear leis an Treoir seo. ■

2. *Le measúnuithe sábháilteachta bóithre ar fud an ghréasáin, déanfar meastóireacht ar an riosca go dtarlódh tionóiscí agus imbhuailtí tromchúiseacha, bunaithe orthu seo a leanas:*
- (a) *go príomha, amharcscrúdú, bíodh sin ar an láthair nó trí mheáin leictreonacha, ar shaintréithe deartha an bhóthair (sábháilteacht ionsuite); agus*
- (b) *anailís ar chodanna den ghréasán bóithre atá i seirbhís le níos mó ná trí bliana anuas agus ar ar tharla líon mór tionóiscí tromchúiseacha i gcomhréir leis an sreabhadh tráchta.*
3. *Áiritheoidh na Ballstáit go ndéanfar an chéad mheasúnú sábháilteachta bóithre ar fud an ghréasáin a chur i gcrích faoi 2024 ar a dhéanaí. Measúnuithe sábháilteachta bóithre ar fud an ghréasáin a chuirfear i gcrích ina dhiaidh sin, cuirfear i gcrích iad minic go leor chun leibhéil leordhóthanacha sábháilteachta a áirithiú ach, in aon chás, cuirfear i gcrích iad gach cúig bliana ar a laghad.*

4. Agus an measúnú *sábháilteachta* bóithre ar fud an ghréasáin á chur i gcrích, *féadfaidh* na Ballstáit na heilimintí *túscacha* a leagtar síos in Iarscríbhinn III *a chur san áireamh*.
5. *Soláthróidh an Coimisiún treoir maidir leis an modheolaíocht le haghaidh measúnuithe córasacha sábháilteachta bóithre agus rátálacha sábháilteachta bóithre a chur i gcrích ar fud an ghréasáin.*
6. Ar bhonn thorthaí an mheasúnaithe dá dtagraítear i mír 1, *agus chun críche riachtanais maidir le gníomhaíocht bhreise a chur in ord tosaíochta*, déanfaidh na Ballstáit na codanna uile den ghréasán bóithre a aicmiú i dtrí chatagóir ar a laghad de réir a *leibhéil* sábháilteachta.”;

I

- (5) Leasaítear Airteagal 6 mar seo a leanas:
 - (a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad an teidil:

“Airteagal 6
Cigireachtaí *tréimhsiúla* sábháilteachta *bóithre*”;

(b) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 1:

"1. Áiritheoidh na Ballstáit go ndéanfar cigireachtaí **tráthúla** ar an tsábháilteacht ar bhóithre **minic a ndóthain chun leibhéil sábháilteachta leormhaithe a choimirciú don bhonneagar bóithre i dtrácht.**";

(c) **scriostar** mír 2;

(d) cuirtear an méid seo a leanas in ionad **mhír** 3:

"3. Áiritheoidh na Ballstáit sábháilteacht na gcodanna sin den ghréasán bóithre atá tadhlach le tolláin bhóthair a chumhdaítear le Treoir 2004/54/CE trí chigireachtaí comhphárteacha ar an tsábháilteacht ar bhóithre lena mbaineann na heintitis inniúla a bheidh rannphárteach i gcur chun feidhme na Treorach seo agus Threoir 2004/54/CE. Déanfar na cigireachtaí comhphárteacha **minic a ndóthain chun leibhéil leormhaithe sábháilteachta a áirithiú, ach in aon chás, déanfar iad ar a laghad gach sé bliana.**";

(6) cuirtear na hAirteagail seo a leanas isteach:

“Airteagal 6a

Nósanna imeachta leantacha maidir le bóithre atá in úsáid cheana

1. Áiritheoidh na Ballstáit go bhfreastalófar ar na torthaí a bheidh ar na measúnuithe *sábháilteachta* bóithre ar fud an ghréasáin, a chuirfear i gcrích de bhun Airteagal 5, trí cigireachtaí spriocdhírithé ar an tsábháilteacht ar bhóithre nó gníomhaíocht dhíreach feabhais a dhéanamh ina ndiaidh.
2. *Agus cigireachtaí spriocdhírithé ar an tsábháilteacht ar bhóithre á chur i gcrích, féadfaidh na Ballstáit na heilimintí táscacha a leagtar síos in Iarscríbhinn IIa a chur san áireamh.*
3. *Is foirne saineolaithe a chuirfidh cigireachtaí spriocdhírithé sábháilteachta bóithre i gcrích. Comhlíonfaidh comhalta amháin ar a laghad den fhoireann saineolaithe na ceanglais a leagtar amach i bpointe (a) d’Airteagal 9(4).*

4. Áiritheoidh na Ballstáit go bhfreastalófar ar thorthaí na gcigireachtaí **■ spriocdhírith**e sábháilteachta bóithre trí chinntí réasúnaithe a dhéanamh ina ndiaidh lena gcinnfear an gá gníomhaíocht feabhais a dhéanamh. Go háirithe, sainithneoidh na Ballstáit codanna bóthair a dteastaíonn **■** feabhsuithe ina leith ó thaobh shábháilteacht an bhonneagair bóthair agus saineoidh siad gníomhaíochtaí chun sábháilteacht na gcodanna bóthair sin a fheabhsú.
5. Áiritheoidh na Ballstáit go ndéanfar gníomhaíocht feabhais a spriocdhíriú **go príomha** ar chodanna bóthair lena ngabhann leibhéal ísle sábháilteachta agus a bhfuil an deis ann bearta a chur chun feidhme ina leith **a bhféadfadh forbairt sábháilteachta agus coigiltis maidir le costais tionóisce a bheith ag roinnt leo.**
6. Ullmhóidh na Ballstáit plean gníomhaíochta rioscabhunaithe, a dtabharfar tosaíocht dó, chun cur chun feidhme gníomhaíochta feabhais a shainithnítear a rianú agus tabharfaidh siad an plean sin cothrom le dáta go tráthrialta. **■**

Airteagal 6b

Úsáideoirí soghonta bóithre a chosaint

Áiritheoidh na Ballstáit go gcuirfear riachtanais úsáideoirí soghonta bóithre san áireamh i gcur i bhfeidhm na nósanna imeachta a leagtar amach in Airteagal 3 go hAirteagal 6.

Airteagal 6c

Marcálacha bóthair agus comharthaí bóthair

1. Déanfaidh na Ballstáit ***aird ar leith a thabhairt, sna nósanna imeachta atá acu faoi láthair agus sna cinn a bheidh acu amach anseo*** maidir le marcálacha bóthair agus comharthaí bóthair, ***ar inléiteacht agus inbhraiteacht do thiománaithe agus do chórais uathoibríocha cúnaimh tiománaí. Leis na nósanna imeachta sin, cuirfear san áireamh sonraíochtaí comhchoiteanna i gcás inar bunaíodh sonraíochtaí comhchoiteanna i gcomhréir le mír 3.***

2. *Déanfaidh grúpa saineolaithe arna bhunú ag an gCoimisiún, tráth nach déanaí ná Meitheamh 2021, measúnú ar an deis chun sonraíochtaí comhchoiteanna a bhunú lena n-áirítear gnéithe éagsúla arb é is aidhm dóibh úsáid oibríochtúil a marcálacha bóthair agus a gcomharthaí bóthair a áirithiú chun inléiteacht agus inbhraiteacht éifeachtach marcálacha bóthair agus comharthaí bóthair do thiománaithe agus do chórais uathoibríocha cúnamh tiománaí a chothú. Is saineolaithe a ainmneoidh an Ballstát a bhunóidh an grúpa. Beidh comhairliúchán le Coimisiún Eacnamaíochta na Náisiún Aontaithe don Eoraip san áireamh sa mheasúnú.*

Cuirfear na heilimintí seo a leanas, go háirithe, san áireamh sa mheasúnú:

(a) an idirghníomhaíocht idir teicneolaíochtaí éagsúla cúnamh tiománaí agus bonneagar;

- (b) *an éifeacht atá ag aimsir agus ag feiniméin atmaisféaracha, agus ag an trácht, ar mharcálacha bóthair agus ar chomharthaí bóthair a bhíonn ar chríoch an Aontais;*
- (c) *cineál agus minicíocht na n-iarrachtaí cothabhála is gá le haghaidh teicneolaíochtaí éagsúla, lena n-áirítear meastachán ar chostais.*
3. *Agus an measúnú dá dtagraítear i mír 2 á chur san áireamh, féadfaidh an Coimisiún gníomhartha cur chun feidhme a ghlacadh chun sonraíochtaí comhchoiteanna a bhunú, a bhaineann le nósanna imeachta na mBallstát dá dtagraítear i mír 1 arb é is aidhm dóibh úsáid oibríochtúil a marcanna bóthair agus a gcomharthaí bóithre a áirithiú, i dtaca le hinléiteacht agus inbhraiteacht éifeachtach na marcanna do thiománaithe agus do chórais uathoibríocha chúnaimh tiománaí.*

Déanfar na gníomhartha cur chun feidhme sin a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 13(2).

Beidh na gníomhartha cur chun feidhme gan dochar d'inniúlacht an Choiste Eorpaigh um Chaighdeánú maidir le caighdeáin le haghaidh marcálacha bóthair agus comharthaí bóthair.

Airteagal 6d

Faisnéis agus trédhearcacht

Foilseoidh an Coimisiún léarscáil Eorpach den ghréasán bóthair atá faoi raon na Treorach seo, ar léarscáil í a mbeidh rochtain uirthi ar líne agus ina leagfar béim ar chatagóirí éagsúla dá dtagraítear in Airteagal 5(6).

Airteagal 6e

Tuairisciú deonach

Déanfaidh na Ballstáit iarracht córas tuairiscithe dheonaigh a bhunú, a mbeidh rochtain air ar líne, chun bailiú na sonraí maidir le tarluithe, arna dtarchur ag úsáideoirí bóthair agus feithiclí, a éascú mar aon le haon fhaisnéis eile a bhaineann le sábháilteacht ar léir don tuairisceoir í a bheith ina guais iarbhír nó go bhféadfadh sí a bheith ina guais do shábháilteacht an bhonneagair bóithre.”;

(7) *in Airteagal 7, cuirtear isteach an mhír seo a leanas:*

"1a. Féadfaidh an Coimisiún gníomhartha cur chun feidhme a ghlacadh chun treoir a sholáthar ar dá réir a bheidh déine tionóiscí, lena n-áirítear líon na mbásanna agus na ndaoine a ghortaítear, le tuairisciú. Déanfar na gníomhartha cur chun feidhme sin a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 13(2).”;

(8) *in Airteagal 9, cuirtear isteach an mhír seo a leanas:*

"1a. Maidir le hiniúcháirí sábháilteachta bóthair a dhéanfaidh a gcuid oiliúna ón ... [5 bliana tar éis theacht i bhfeidhm na Treorach leasaithe seo], áiritheoidh na Ballstáit go n-áireofar sna curaclaim oiliúna gnéithe a bhaineann le húsáideoirí soghonta bóthair agus leis an mbonneagar do na húsáideoirí sin."

(9) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 10:

“Airteagal 10

Malartú dea-chleachtas

Chun an tsábháilteacht ar bhóithre an Aontais a fheabhsú, bunóidh an Coimisiún córas le haghaidh malartú faisnéise agus dea-chleachtas idir na Ballstáit, lena gcumhdófar, *inter alia*, **curaclaim oiliúna d’iniúcháirí sábháilteachta bóthair**, tionscadail sábháilteachta bonneagair bóthair atá ann cheana agus teicneolaíocht chruthaithe sábháilteachta bóithre.”;

(10) in Airteagal 11, *scriostar* mír 2;

(11) cuirtear isteach an tAirteagal a leanas:

“Airteagal 11a

Tuairisciú

1. Cuirfidh na Ballstáit tuarascáil faoi bhráid an Choimisiúin faoin 31 Deireadh Fómhair 2025 maidir le rangú sábháilteachta an ghréasáin ar fad arna mheasúnú i gcomhréir le hAirteagal 5. I gcás inar féidir, bunófar an tuarascáil ar mhodheolaíocht chomhchoiteann. Más infheidhme, cumhdófar sa tuarascáil freisin liosta na bhforálacha i dtreoirlínte nuashonraithe náisiúnta, lena n-áirítear go háirithe na feabhsuithe maidir leis an dul chun cinn teicneolaíoch agus cosaint úsáideoirí soghonta bóithre. Ón 31 Deireadh Fómhair 2025 i leith, soláthrófar na tuarascálacha gach cúig bliana.

2. *Ar bhonn anailíse a dhéanfar ar thuarascálacha náisiúnta dá dtagraítear i mír 1, ar an gcéad ásc faoin 31 Deireadh Fómhair 2027 agus gach cúig bliana ina dhiaidh sin, déanfaidh an Coimisiún tuarascáil a tharraingt suas agus a chur faoi bhráid Parlaimint na hEorpa agus na Comhairle ar chur chun feidhme na Treorach seo, go háirithe maidir leis na gnéithe dá dtagraítear i mír 1, agus ar bhearta féideartha eile, lena n-áirítear an Treoir seo a leasú lena hoiriúnú don dul chun cinn teicniúil.”;*

(12) cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 12:

“Airteagal 12

Na hIarscríbhinní a leasú

Tugtar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 12a *lena leasaítear* na hIarscríbhinní chun *iad* a oiriúnú don dul chun cinn teicniúil.”;

(13) cuirtear isteach an tAirteagal a leanas:

“Airteagal 12a

An tarmligean a fheidhmiú

1. Is faoi réir na gcoinníollacha a leagtar síos san Airteagal seo a thugtar an chumhacht don Choimisiún chun gníomhartha tarmligthe a ghlacadh.
2. Déanfar an chumhacht chun gníomhartha tarmligthe a ghlacadh dá dtagraítear in Airteagail 12 a thabhairt don Choimisiún go ceann ***tréimhse cúig bliana amhail ón ... [dáta theacht i bhfeidhm na Treorach leasaithíseo]. Déanfaidh an Coimisiún, tráth nach déanaí ná naoi mí roimh dheireadh na tréimhse cúig bliana, tuarascáil a tharraingt suas maidir le tarmligean na cumhachta. Déanfar tarmligean na cumhachta a fhadú go hintuigthe go ceann tréimhsí comhfhaid, mura rud é go gcuirfidh Parlaimint na hEorpa nó an Chomhairle in aghaidh an fhadaithe sin tráth nach déanaí ná trí mhí roimh dheireadh gach tréimhse.***

3. Féadfaidh Parlaimint na hEorpa nó an Chomhairle tarmligean na cumhachta dá dtagraítear in Airteagal 12 a chúlghairm aon tráth. Déanfaidh cinneadh chun cúlghairm a dhéanamh deireadh a chur le tarmligean na cumhachta atá sonraithe sa chinneadh sin. Gabhfaidh éifeacht leis an lá tar éis fhoilsiú an chinnidh in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* nó ar dháta is déanaí a shonrófar sa chinneadh. Ní dhéanfaidh sé difear do bhailíocht aon ghníomhartha tarmligthe atá i bhfeidhm cheana.
4. Roimh dó gníomh tarmligthe a ghlacadh, rachaidh an Coimisiún i mbun comhairliúchán le saineolaithe arna n-ainmniú ag gach Ballstát i gcomhréir leis na prionsabail a leagtar síos i gComhaontú Idirinstitiúideach an **13 Aibreán 2016** maidir le Reachtóireacht Níos Fearr **■** *.

5. A luaithe a ghlacfaidh sé gníomh tarmligthe, tabharfaidh an Coimisiún fógra, an tráth céanna, do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle faoi.
6. Gníomh tarmligthe a ghlactar de bhun Airteagal 12, ní thiocfaidh sé i bhfeidhm ach amháin mura mbeidh aon agóid curtha in iúl ag Parlaimint na hEorpa ná ag an gComhairle laistigh de thréimhse dhá mhí tar éis fógra faoin ngníomh sin a thabhairt do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle nó más rud é, roimh dhul in éag na tréimhse sin, go mbeidh Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle araon tar éis a chur in iúl don Choimisiún nach ndéanfaidh siad aon agóid. Cuirfear síneadh dhá mhí leis an tréimhse sin ar thionscnamh Pharlaimint na hEorpa nó na Comhairle.

* IO L 123, 12.5.2016, lch. 1.”;

(14) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 13:

“Airteagal 13

Nós imeachta coiste

1. Tabharfaidh coiste cúnaimh don Choimisiún. Beidh an coiste sin ina choiste de réir bhrí Rialachán (AE) Uimh. 182/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle*.
2. I gcás ina ndéanfar tagairt don mhír seo, beidh feidhm ag Airteagal 5 de Rialachán (AE) Uimh. 182/2011.

* Rialachán (AE) Uimh. 182/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Feabhra 2011 lena leagtar síos na rialacha agus na prionsabail ghinearálta a bhaineann leis na sásraí maidir le rialú ag na Ballstáit ar fheidhmiú cumhachtaí cur chun feidhme ag an gCoimisiún (IO L 55, 28.2.2011, lch. 13).”;

(15) déantar na hIarscríbhinní a leasú mar a leagtar é sin amach san Iarscríbhinn a ghabhann leis an Treoir seo.

Airteagal 2

Trasuí

1. Tabharfaidh na Ballstáit na dlíthe, na rialacháin agus na forálacha riaracháin is gá chun an Treoir seo a chomhlíonadh i bhfeidhm faoin ... [24 mhí ó dháta theacht i bhfeidhm an Treorach seo]. Cuirfidh siad an Coimisiún ar an eolas faoi sin láithreach.

Nuair a ghlacfaidh na Ballstáit na bearta sin, beidh tagairt iontu don Treoir seo nó beidh tagairt den sórt sin ag gabháil leo tráth a bhfoilsithe oifigiúil. Leagfaidh na Ballstáit síos an bealach a ndéanfar tagairtí den sórt sin.

2. Déanfaidh na Ballstáit téacs phríomhfhorálacha an dlí náisiúnta a ghlacfaidh siad sa réimse a chumhdaítear leis an Treoir seo a chur in iúl don Choimisiún.

Airteagal 3
Teacht i bhfeidhm

Tiocfaidh an Treoir seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a foilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Airteagal 4
Seolaithe

Dírítear an Treoir seo chuig na Ballstáit.

Arna dhéanamh in/sa ...,

Thar ceann Pharlaimint na hEorpa

An tUachtarán

Thar ceann na Comhairle

An tUachtarán

IARSCRÍBHINN

Leasaítear na hIarscríbhinní a ghabhann le Treoir 2008/96/CE mar a leanas:

(1) Leasaítear Iarscríbhinn I mar a leanas:

(a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad an teidil:

“IARSCRÍBHINN I
GNÉITHE **TÁSCACHA** DE MHEASÚNUITHE TIONCHAIR MAIDIR LEIS AN
tSÁBHÁILTEACHT AR BHÓITHRE”;

(b) *i roinn 2, cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (e):*

*“(e) trácht (e.g. méid an tráchta, catagóiriú tráchta de réir cineáil), lena n-
áirítear sreafaí measta coisithe agus rothar arna chinneadh ó thréithe úsáid
na talún cois bóthair;”;*

(2) Leasaítear Iarscríbhinn II mar a leanas:

(a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad an teidil:

“IARSCRÍBHINN II
GNÉITHE **TÁSCACHA** D’INIÚCHTAÍ MAIDIR LEIS AN tSÁBHÁILTEACHT AR
BHÓITHRE”;

(b) i roinn 1, cuirtear an pointe seo a leanas isteach:

"(n) forálacha d'úsáideoirí soghonta bóithre:

- (i) forálacha do choisithe,
- (ii) forálacha do rothaithe, *lena n-áirítear bealaí malartacha nó bealaí atá scartha ó mhótarthrácht ardluais,*
- (iii) forálacha do dhé-rothaigh chumhachtaithe,
- (iv) *dlús agus suíomh na gcrosairí do choisithe agus do rothaithe,*
- (v) *forálacha do choisithe agus do rothaithe ar bhóithre a ndéanfar difear dóibh sa limistéar,*
- (vi) *deighilt coisithe agus rothaithe ó mhótarthrácht ardluais nó bealaí díreacha malartacha a bheith ann cheana féin ar bhóithre níos ísle san aicmiú;"*

(c) i roinn 2, cuirtear an méid seo a leanas in ionad pointe (h):

"(h) forálacha d'úsáideoirí soghonta bóithre:

(i) forálacha do choisithe,

(ii) forálacha do rothaithe,

(iii) forálacha do dhé-rothaigh chumhachtaithe.";

(3) cuirtear an Iarscríbhinn seo a leanas isteach:

“IARSCRÍBHINN IIa

EILIMINTÍ *TÁSCACHA* NA gCIGIREACHTAÍ *SPRIOCDHÍRITHE*
SÁBHÁILTEACHTA BÓITHRE

1. Ailíniú bóthair agus trasghearradh bóthair:

(a) infheictheacht agus faid radhairc;

(b) teorainn luais agus criosú luais;

- (c) ailíniú féinmhínteach (i.e. ‘inléiteacht’ an ailínithe *d’úsáideoirí bóthair*);
- (d) rochtain ar mhaoin agus ar fhorbairtí cois bóthair;
- (e) rochtain ag feithiclí éigeandála agus seirbhíse;
- (f) ceapa ag droichid agus ag lintéir;
- (g) leagan amach cois bóthair (guaillí bóthair, titim phábhála, fánaí gearrtha agus líonta).

2. Trasbhóithre agus acomhail mótarbhealaigh:

- (a) oiriúnacht cineáil trasbhóthair/ acomhail mótharbhealaigh;
- (b) geoiméadracht trasbhóthair/ leagan amach acomhail mótarbhealaigh;

- (c) infheictheacht agus inléiteacht (aireachtáil) trasbhóithre;
- (d) infheictheacht ag an dtrasbhóthar;
- (e) leagan amach na lánáí tánaisteacha ag trasbhóithre;
- (f) rialú tráchta trasbhóthair (e.g. stoprialaithe, soilse tráchta etc.);
- (g) crosairí coisithe **agus rothaíochta** a bheith ann.

3. Forálacha d'úsáideoirí soghonta bóithre:

- (a) forálacha do choisithe;
- (b) forálacha do rothaithe;
- (c) forálacha do dhé-rothaigh chumhachtaithe.;
- (d) Iompar poiblí agus bonneagair phoiblí;
- (e) crosairí bóthair / iarnróid (***taifead a dhéanamh, go háirithe, de chineál an chrosaire agus i dtaobh an bhfuil siad foireannaithe, gan foireann nó uathoibrithe***).

4. Soilsithe, comharthaí agus marcanna:

- (a) comharthaí bóthair comhtháite, nach laghdaíonn infheictheacht;
- (b) inléiteacht na gcomharthaí bóthair (suíomh, méid, dath);
- (c) cuailí eolais;
- (d) marcanna bóthair agus teorainneacha bóthair comhtháite;
- (e) inléiteacht na marcanna bóthair (suíomh, méideanna agus ais-fhrithchaiteacht faoi choinníollacha fliucha nó tirime);
- (f) codarsnacht chuí marcanna bóthair;
- (g) bóithre agus trasbhóithre soilsithe a shoilsiú;
- (h) trealamh iomchuí cois bóthair.

5. Soilse tráchtá:

- (a) oibriúchán;
- (b) infheictheacht.

6. Réada, criosanna folmha agus córais srianta bóthair:

- (a) timpeallacht cois bóthair lena n-áirítear fásra;
- (b) guaiseacha cois bóthair agus fad ó chiumhais charrbhealaigh ***nó ó imeall raon rothaíochta***;
- (c) dea-oiriúnú córas srianta bóthair (lárthearmainn débhealaigh agus bacainní tuairte d'fhonn úsáideoirí soghonta bóithre a chosaint ar ghuaiseacha);

- (d) ceapa deiridh bacainní tuairte;
- (e) córais iomchuí srianta bóthair ag droichid agus ag lintéir;
- (f) fála (maidir le bóithre ar a bhfuil rochtain shrianta).

7. Pábháil:

- (a) fabhtanna pábhála;
- (b) neamhsciorracht;
- (c) ábhar scaoilte/ gairbhéal/ clocha;
- (d) linnte, draenáil uisce.

8. *Droichid agus tolláin:*

(a) *droichid a bheith ann agus líon na ndroichead;*

(b) *tolláin a bheith ann agus líon na dtollán;*

(c) *gnéithe físiúla a léiríonn guaiseacha sábhailteachta le haghaidh fheidhmíocht structúrach an bhonneagair.*

9. Saincheisteanna eile:

(a) limistéir pháirceála agus scíthe atá sábháilte a sholáthar;

(b) foráil a dhéanamh d'fheithiclí troma;

(c) dianloinnir cheannlampa;

- (d) oibreacha bóthair;
- (e) gníomhaíochtaí cois bóthair nach bhfuil sábháilte;
- (f) faisnéis iomchuí a bheith ar fáil ó threalamh córais cliste iompair (e.g. comharthaí um theachtaireachtaí athraitheacha)
- (g) fiadhúlra agus ainmhithe;
- (h) foláirimh creasa scoile (más infheidhme).";

(4) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Iarscríbhinn III:

“IARSCRÍBHINN III
EILIMINTÍ *TÁSCACHA* NA MEASÚNUITHE SÁBHÁILTEACHTA BÓITHRE AR
FUD AN GHRÉASÁIN

1. Faisnéis Ghinearálta:

- (a) cineál bóthair i ndáil le cineál agus méid na réigiún/ na gcathracha lena nasctar é;
- (b) fad cuid de bhóthar;

- (c) cineál limistéir (limistéar tuaithe nó uirbeach);
- (d) úsáid talún (le haghaidh oideachais, tráchtála, tionscail agus monaraíochta, cónaithe, feirmeoireachta agus talmhaíochta, nó limistéir neamhfhorbartha);
- (e) dlús pointí rochtana ar mhaoin;
- (f) bóthar seirbhíse a bheith ann (e.g. le haghaidh siopaí);
- (g) oibreacha bóthair a bheith ann;
- (h) limistéar páirceála a bheith ann.

2. Toirteanna tráchta:

- (a) toirteanna tráchta:
- (b) toirteanna gluaisrothar breathnaithe;
- (c) toirteanna coisithe breathnaithe ar an dá thaobh, agus "ar an taobh" nó "ag trasnú" taifeadta leo;
- (d) toirteanna rothair breathnaithe *ar an dá thaobh, agus 'ar an taobh' nó 'ag trasnú' taifeadta leo;*
- (e) toirteanna feithiclí troma breathnaithe;
- (f) sreafaí coisithe measta, bunaithe ar thréithe úsáid na talún cois bóthair;
- (g) sreafaí coisithe measta, bunaithe ar thréithe úsáid na talún cois bóthair.

3. Sonraí faoi thionóiscí:

- (a) Líon, áit **agus cúis** na mbásanna de réir grúpa úsáideoirí bóthair
- (b) Líon agus suíomh na ngortuithe tromchúiseacha de réir grúpa úsáideoirí bóthair.

4. Saintréithe oibriúcháin:

- (a) luasteorainn (luasteorainn ghinearálta do ghluaisrothair; do leoraithe);
- (b) luas oibriúcháin (85ú peircintíl);
- (c) bainistiú luais agus/nó moilliú tráchta;
- (d) trealamh córais cliste iompair a bheith ann: foláirimh scuaine, comharthaí um theachtairreachtaí athraitheacha;
- (e) foláireamh creasa scoile;
- (f) maoirseoir crosaíre scoile a bheith i láthair ag tréimhsí forordaithe.

5. Tréithe geoiméadracha:

- (a) tréithe trasghearrtha (líon, cineál agus leithead lánaí, leagan amach agus ábhar na nguailí lárstráice, rianta rothair, cosáin etc.), lena n-áirítear a n-athraitheacht;
- (b) cuaire chothrománach;
- (c) leibhéal agus ailíniú ingearach;
- (d) infheictheacht agus faid radhairc.

6. Réada, criosanna folmha agus córais srianta bóthair:

- (a) timpeallacht cois bóthair agus criosanna folmha;
- (b) bacainní fosaithe cois bóthair (e.g. cuailí solais, crainn, etc.);

- (c) fad na mbacainní ó thaobh an bhóthair;
- (d) dlús na mbacainní;
- (e) stiallacha tormáin;
- (f) córais srianta bóthair.

7. Droichid agus tolláin:

- (a) droichid a bheith ann agus líon na ndroichead, lena n-áirítear an fhaisnéis ábhartha a bhaineann leo;*
- (b) tolláin a bheith ann agus líon na dtollán, lena n-áirítear an fhaisnéis ábhartha a bhaineann leo;*
- (c) gnéithe físiúla a léiríonn guaiseacha sábhailteachta le haghaidh fheidhmíocht structúrach an bhonneagair.*

8. Trasbhóithre:

- (a) cineál an trasbhóthair agus líon a ghéag (taifead a dhéanamh go háirithe de chineál an rialaithe agus de thiontaíthe cosanta más ann dóibh);
- (b) cainéalú a bheith ann;
- (c) cáilíocht an trasbhóthair;
- (d) toirt tráchta trasnaithe;
- (e) crosairí bóthair-iarnróid a bheith ann *(taifead a dhéanamh go háirithe de chineál an chrosaire agus i dtaobh an bhfuil siad foireannaithe, gan foireann nó uathobrithe).*

9. Cothabháil:

- (a) fabhtanna pábhála;
- (b) neamhsciorracht pábhála;
- (c) riocht gualainne (lena n-áirítear fásra);
- (d) riocht na gcomharthaí, na marcanna agus na dteorainneacha;
- (e) riocht na gcóras srianta bóthair.

10. Saoráidí d'úsáideoirí soghonta bóithre:

- (a) crosairí coisithe ***agus rothaíochta*** (crosairí ar an dromchla agus deighilt leibhéal);
- (b) ***crosairí rothaíochta (crosairí ar an dromchla agus deighilt leibhéal)***;
- (c) fálú coisithe;

- (d) cosán nó saoráid scartha a bheith ann;
- (e) saoráidí rothar *agus a gcineál (raonta rothaíochta, lánaí rothaíochta, eile)*;
- (f) cáilíocht crosaire coisithe sa mhéid a bhaineann le feiceálacht agus comharthaí na saoráide sin;
- (g) *saoráidí* trasnaithe coisithe *agus rothaíochta* ar ghéag iontrála mionbhóthair agus é ag nascadh le gréasán.
- (h) *bealaí malartacha a bheith ann do choisithe agus do rothaithe in áiteanna nach bhfuil saoráidí deighilte ann.*

11. Córais réamhthuirte/iarthuirte le haghaidh gortú tráchta agus gnéithe maolaithe tromchúise:

- (a) *Lárionaid oibríochtúla ghréasáin agus saoráidí patrólaithe eile;*
- (b) *Sásraí chun úsáideoirí bóthair a chur ar an eolas faoi dhálaí tiomána chun tionóiscí agus teagmhais a chosc;*

(c) *Córais um Bhrath Uathoibríoch Teagmhais (AID): braiteoirí agus ceamaraí;*

(d) *Córais Bainistithe Teagmhais;*

(e) *Córais chun cumarsáid a dhéanamh le comhlachtaí éigeandála.”;*

(5) *Leasaítear* Iarscríbhinn IV *mar a leanas:*

(a) *cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe 1:*

"1. chomh beacht agus is féidir, suíomh na tionóisce, lena n-áirítear comhordanáidí GNSS;”;

(b) *cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe 5:*

‘(5) déine timpiste.’
